# MO CHONAIR GHAIRME ADEOLA

poistphoiblí
publicjobs

# Is Oifigeach Riaracháin í Adeola leis an rannán Acmhainní Daonna den Roinn Dlí agus Cirt.

"Bíodh muinín agat ionat féin, cuir ceisteanna, agus tá sé ceart go leor tú féin a athchruthú is do chuspóirí nó na rudaí lena bhfuil tú ag súil a athrú. Is féidir cibé rud ar a dhíríonn tú go dian a bhaint amach, agus bíonn bealaí éagsúla ann i gcónaí é sin a dhéanamh."



Fuair mé mo chéad phost díreach i ndiaidh na hollscoile in eagraíocht phríobháideach mar riarthóir acmhainní daonna agus bhain mé taitneamh as an ról. D'oibrigh mé chomh maith i gcarthanas, áit ina ndearnadh mé mórán taistil agus inar bhuail mé le daoine.

Ansin, bhog mé go dtí an Ríocht Aontaithe, áit inar oibrigh mé don BBC mar chomhairleoir acmhainní daonna. Spreag sé seo spéis ionam sa tseirbhís phoiblí agus neartaigh sé mo shuim san oideachas gnó.

Thosaigh mé ag freastail ar Scoil Ghnó an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath chun staidéar a dhéanamh le haghaidh céim mháistreachta in acmhainní daonna, agus ansin chuir mé iarratas isteach ar ról le haghaidh oifigeach cléireachais sa Státseirbhís.



Bhí suim agam i gcónaí sa státseirbhís, agus chuir mo ról nua an cuidiú atá mé in ann a dhéanamh is na deiseanna iontacha atá ar fáil dom ar mo shúile dom.

Is éard a bhí mar spreagadh dom dul isteach sa státseirbhís ná an deis difríocht a dhéanamh, a bheith ag obair ar cheisteanna sóisialta suimiúla agus dúshlánacha, agus a bheith in ann cur leis an tsochaí a thaitníonn liom agus ina bhfuil mé i mo chónaí. Ina theannta sin, an réimse leathan roghanna chun forbairt a dhéanamh, cothromaíocht oibre is saoil, agus oiliúint ar an láthair oibre.

Thosaigh mé ag obair sa tSeirbhís Cúirteanna agus ansin in Acmhainní Daonna sa Gharda Síochána. Thosaigh comórtas le haghaidh Oifigeach Riaracháin agus chuir mé iarratas isteach, ansin d'éirigh liom ról a fháil sa Roinn Dlí agus Cirt.



Ní bhíonn gnáthlá oibre ró-ghnách, i ndáiríre. D'fhéadfadh go mbeinn ag labhairt le páirtithe leasmhara ag forbairt tionscnamh nó clár, nó ag scríobh cáipéis pholasaí, ag eagrú imeachtaí sláinte, nó ag obair leis an bhfoireann i dtaca le gach rud a ghabhann le hacmhainní daonna.

I rith mo ghairm bheatha, tá an deis faighte agam scileanna nua a fhorbairt, ar nós na bainistíochta, na solúbthachta agus na hinoiriúnaitheachta, eitice oibre láidre, agus na cruthaitheachta. Tá scileanna ar leith de dhíth i mo ról, cosúil le taighde, anailís agus cinnteoireacht, scileanna idirphearsanta agus cumarsáide, ceannaireacht, agus saineolas.

Mholfainn gairm bheatha sa státseirbhís. Leis na deiseanna oideachais agus forbartha atá ar fáil, is féidir taithí i róil dhúshlánacha a fháil agus dul chun cinn a dhéanamh i do ghairm bheatha, agus tionchar dearfach sa tsochaí a dhéanamh ag an am céanna. Cruthaíonn tú gréasán iontach chomh maith a rachaidh leat ó ról amháin go dtí an chéad cheann eile, agus beidh sé leat go deo.

poistphoiblí
publicjobs

# Sonraí an Phoist – Oifigeach Riaracháin

poistphoiblí publicjobs

| | |
|---|---|
| ROINN | An Roinn Dlí agus Cirt |
| SALARY | Ag tosú ag €38,869 sa bhliain. *D'fhéadfaí an tuarastal seo a athrú. |
| CUR SÍOS AR AN RÓL | Tá an tOifigeach Riaracháin mar an príomhghrád earcaíochta céimithe don Státseirbhís agus tugann sé an deis d'iarrthóirí rathúla dul chun cinn a dhéanamh go céim mheánbhainistíochta. Mar Oifigeach Riaracháin, bheadh ról tábhachtach agat i gceapadh polasaí agus straitéise i dtaca le ceisteanna eacnamaíocha, airgeadais, idirnáisiúnta, timpeallachta, agus sóisialta. Beidh an deis acu siúd a cheaptar fíor-athrú a dhéanamh sa Státseirbhís agus cúnamh a thabhairt Éire nua a cheapadh. Beidh an deis agat chomh maith tuiscint mhaith a fháil ar fhorbairt agus feidhmiú polasaí rialtais thar thréimhse ama. D'fhéadfadh go ndéanfar ceapacháin chomh maith chun tacú le feidhmeanna, m.sh. Bainistíocht Saoráidí agus Gnóthaí Corparáideacha. |
| RIACHTANAIS AN RÓIL | Ní mór d'iarrthóirí don ról seo, roimh nó ar an dáta dúnta:<br>(i)Céim céadonóracha nó dara honóracha (Leibhéal 8 ar a laghad sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí) a bheith acu<br>Agus<br>(i)Inniúlachtaí an róil seo a léiriú. Táthar ag súil leis ó thús go mbeidh céimithe nua-earcaithe in ann cúnamh suntasach a dhéanamh d'obair na Seirbhíse Poiblí.<br><br>Chomh maith le hoideachas ar ardchaighdeán, ní mór d'iarrthóirí éifeachtacha na hinniúlachtaí riachtanacha don ról seo a léiriú, mar a leagtar amach sa Chreat Inniúlachta poistphoiblí<br><br>Riachtanais Cháilitheachta<br>• Riachtanais maidir le Saoránacht, Dea-Cháil & Sláinte, Grinnfhiosrúchán & Imréiteach Slándála an Gharda Síochána, agus Seiceáil Teistiméireachta a chomhlíonadh<br>• Cinntiú go gcomhlíonann siad na critéir i dtaca le hIomarcaíocht sa tSeirbhís Poiblí & sa Státseirbhís / Scéimeanna Scoir mar gheall ar Dhrochshláinte<br>• Tá an cháilitheacht chun dul in iomaíocht ar oscailt anois do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (EEA), na Ríochta Aontaithe, na hEilvéise, nó daoine nach saoránaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad ach a bhfuil Víosa Stampa 4 acu. |
| PRÓISEAS IARRATAIS | 1.Iarratas<br>2.Ceistneoir Measúnaithe Ar Líne<br>3.Gearrliostú<br>4.Scrúdú sampla oibre |